AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Ciorclán 0034/2010**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**
**agus**
**Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais**

## Réamhrá ar an Straitéis Sláinte Saothair do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna Aitheanta

Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna údaráis bhainistíochta a chur ar an eolas maidir le tosach feidhme Straitéis Sláinte Saothair do chúntóirí riachtanas speisialta le héifeacht láithreach.

Is í aidhm na straitéise seo sláinte cúntóirí riachtanas speisialta san áit oibre a chur chun cinn agus díriú go príomha ar chosc seachas ar leigheas. Tá an Straitéis Sláinte Saothair comhdhéanta de na Seirbhísí Chúnamh d'Fhostaithe agus Seirbhísí Sláinte Saothair do chúntóirí riachtanas speisialta.

San áireamh sa tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe tá comhairleoireacht faoi rún maidir le saincheisteanna amhail an tsláinte, caidrimh, méala, strus, coimhlint, teagmhais criticiúla agus tráma. San áireamh sa tSeirbhís Sláinte Saothair tá measúnaithe sláinte réamhfhostaíochta, atreoruithe maidir le neamhláithreachtaí breoiteachta, measúnaithe dochtúra maidir le hoiriúnacht chun oibre agus measúnaithe scor ar chúiseanna dhrochshláinte.

Ullmhaíodh an Lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha de chuid na Seirbhíse Sláinte Saothair maidir le cúntóirí riachtanas speisialta do Bhoird Bhainistíochta/Coistí Gairmoideachais agus ullmhaíodh leabhrán eolais maidir le cúntóirí riachtanas speisialta de chuid na Seirbhíse Cúnaimh d'Fhostaithe i gcomhairle leis an dá sholáthróir seirbhíse chun cuidiú le fostóirí chúntóirí riachtanas speisialta rochtain a dhéanamh ar na seirbhísí.

Is féidir teacht ar an dá leabhrán ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile - Foireann Scoile - Chúntóirí Riachtanas Speisialta.

Tá na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha na Seirbhíse Sláinte Saothair atá iniata a fheidhmiú le héifeacht láithreach agus gabhann siad in ionad gach ciorclán, meabhrán, rialacha agus rialacháin roimhe sin i ndáil le measúnú oiriúnacht míochaine roimh fostaíocht nó le linn fostaíochta.

Cinntigh le do thoil go soláthrófar cóipeanna den chiorclán seo agus na ceangaltáin chuig gach comhalta den Bhord Bainistíochta/Choiste Gairmoideachais agus go dtabharfar an t-ábhar atá ann ar aird gach cúntóir riachtanas speisialta atá fostaithe agat lena n-áirítear iad siúd ar chead neamhláithreachta.

Ba chóir aon fhiosrúchán maidir leis an gciorclán seo a sheoladh ar ríomhphost chuig teachersna@education.gov.ie

D. Tattan
Príomhoifigeach
Rannóg Scoileanna
Bealtaine 2010

## Íoslódáil Leabhráin

An leabhrán eolais maidir leis an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe do chúntóirí riachtanas speisialta
An tSeirbhís Sláinte Saothair – cúntóirí riachtanas speisialta – Lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha do Bhoird Bhainistíochta/do Choistí Gairmoideachais